**Cork Kerry Community Healthcare**
Health Service Executive,
Immunisations Department,
Rathass, Tralee, Co Kerry
Eircode: V92 YA25

Márta 23

**Maidir le:Clár Cúitimh Vacsaínithe HPV Laura Brennan**

**A Thuismitheoir, a Chaomhnóir nó a Mhicléinn,**
Sa litir seo gheobhaidh tú eolas faoi Chlár Cúitimh Vacsaínithe HPV Laura Brennan.
Tá deis eile á thairiscint ag an FnaSS do dhaoine óga iad féin a chosaint ó HPV, tríd an vacsaín HPV a fháil, mura bhfuair siad an vacsaín nuair a tairgeadh é roimhe seo dóibh.
Tá an deis seo ar fáil in 2023 do dhaoine incháilithe chun an vacsaín HPV a fháil.

**Cé dó a bhfuil an vacsaín á thairiscint?**
Tá an vacsaín HPV (Papalómaivíreas Daonna) á thairiscint do:

- Baineannaigh (atá sa 2ú – 6ú bliain faoi láthair) nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu
- Fireannaigh (sa 2ú bliain – 4ú bliain faoi láthair (5ú bliain mura ndearna siad an idirbhliain)) nach bhfuil an vacsaín HPV faighte acu.

Tá vacsaíniú HPV á thairiscint i mbliana do dhaltaí (idir fhir agus mhná) atá sa chéad bhliain faoi láthair mar chuid de ghnáthsceideal imdhíonta na scoile.

**Cé mhéad dáileog a theastaíonn?**
Athraíodh moltaí an Choiste Chomhairligh Náisiúnta um Imdhíonadh (NIAC) maidir le líon na dáileoga vacsaíne HPV a theastaíonn le déanaí. Ní gá don chuid is mó de dhaltaí ach dáileog amháin den vacsaín HPV a fháil (má tá córas imdhíonachta lag ag do leanbh beidh 3 dháileog ag teastáil uaidh). Tabhair cuairt ar www.hpv.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

**Cad ba chóir a dhéanamh má tá an vacsaín HPV faighte agat/ag do pháiste cheana féin:**
Má tá dáileog amháin ar a laghad den vacsaín HPV faighte ag do pháiste cheana féin, ní bheidh dáileog eile den vacsaín ag teastáil uaidh/uathi. Má tá córas imdhíonachta lag acu agus murar chríochnaigh siad an cúrsa vacsaíne HPV nuair a tairgeadh é, déan teagmháil le foireann vacsaínithe na scoile le do thoil.

**Cá bhfuil teacht agam féin/ mo leanbh ar vacsaíniú?**
Má tá do leanbh 15 bliana d'aois nó níos óige agus i dteideal clár vacsainiú 'teacht aniar' ***HPV Laura Brennan*** beidh tú ábalta teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Imdhíonta, Ráth Theas i dTrá Lí. Tá dhá dháta socraithe faoi láthair, an 23 Márta agus an 20 Aibreán. Chun coinne a shocrú do'd leanbh déan teagmháil le Catherine Kearney ag (066) 71 956 82 (Buachaillí) nó Kerry Anne Mooney ag (066) 71 845 70 (Cailíní).
Ó dheireadh mhí Aibreáin beidh tú ábalta do leanbh a chlárú don vacsaín ag www.hpv.ie Úsáidfear na meáin shóisialta agus bealaí eile chun a chur in iúl do dhaoine nuair a bheidh an rogha seo á fhógairt. Is féidir leo siúd atá 16 bliana d'aois nó os a chionn clárú iad féin don vacsaín áirithe seo.

**Cá mbeidh an vacsaín ar fáil?**
Cuirfidh foireann vacsaínithe an HSE an vacsaín ar fáil duit/ do'd leanbh in ionad vacsaíniú covid, Borg Warner, Eastát Tionscalaíochta Móin an Bhaile, Trá Lí, V92HT21.

Mise le meas
Eilbhin Ni Suibhne
Stiúrthóir Altranais Sláinte Poiblí

Mise le Meas
Eilbhin Ni Ghealbhain
Stiúrthóir Cúnta Altranais Sláinte Poiblí